

CEARTÚCHÁIN

LEASÚ AR AN NGLAO AR LÉIRITHE SPÉISE

Iniúcháirí sna réimsí seo a leanas: i) an mhataimic agus an staidreamh – ii) eolaíocht sonraí, iniúcháireacht dhigiteach, anailís ar shonraí agus ar líonraí, mianadóireacht sonraí agus téacs, uathobriú próiseas agus mianadóireacht próiseas

Foireann shealadach (grád AD 5 go grád AD 9)

(Leis an téacs seo cuirtear ar neamhní an téacs a foilsíodh in Iris Oifigiúil C 185 A an 4 Meitheamh 2020, lch. 1 agus cuirtear é in ionad an téacs sin)

CÉ SINNE

Is í Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) iniúcháir seachtrach an Aontais Eorpaigh. Sa bhliain 1975 a bunaíodh í agus tá sí ar cheann de sheacht n-institiúid an Aontais Eorpaigh. Is i Lucsamburg atá an Chúirt suite agus tá thart ar 900 ball foirne iniúcháireachta, tacaíochta agus riaracháin de gach náisiúntacht AE fostaíthe aici.

Feidhmíonn sí mar chomhlacht coláisteach ina bhfuil 27 gcomhalta, comhalta amháin as gach Ballstát den Aontas. Is í an obair a bhíonn ar bun ag ár n-iniúcháirí ná é a chinntiú go bhfuil cuntais chearta á gcoinneáil ag an Aontas Eorpach agus go bhfuil na rialacha airgeadais á gcur i bhfeidhm i gceart aige, agus go gcomhlíonann beartais agus cláir AE na cuspóirí atá beartaithe leo agus go gcuireann siad luach ar airgead ar fáil.

Trínár gcuid oibre, cabhraímid leis an mbainistíocht airgeadais a dhéantar san Aontas a fheabhsú agus an chuntasacht agus an trédhearcacht a chur chun cinn. Cuirimid reachtóirí agus lucht ceaptha beartais an Aontais Eorpaigh ar a bhfaichill ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, tugaimid eolas dóibh faoi aon easnamh atá ann agus faoin dul chun cinn atá déanta acu, agus tugaimid cinnteacht dóibh agus cuirimid comhairle orthu. Cuirimid ár mbarúlacha agus ár moltaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus na rialtas agus parlaimintí náisiúnta, agus faoi bhráid an phobail i gcoitinne freisin.

Tá an Chúirt roinnte ina Dlísheomraí iniúcháireachta. Tá struchtúr eagrúcháin aici atá bunaithe ar chúraimí, struchtúr ina gcuirtear baill foirne i ngrúpa; ansin roghnófar ón ngrúpa sin iad le haghaidh sannachán riaracháin chuig na Dlísheomraí éagsúla ar bhonn tosaíochta.

A bhFUIL Á THAIRISCINT AGAINN

Tá cinneadh déanta ag an gCúirt painéal iniúcháirí a chur le chéile agus d'fhéadfadh sé go dtairgfí conarthaí dóibh mar ghníomhairí sealadacha na hinstiúide de réir na bpost a bheidh ar fáil agus de réir riachtanais oibríochtúla.

Déanfar na hiniúcháirí a earcú faoi Airteagal 2b de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CFSE) ar feadh tréimhse ceithre bliana, tréimhse is féidir a athnuachan ar feadh dhá bhliain eile ar a mhéad. Beidh an Conradh tosaigh faoi réir tréimhse phromhaidh naoi mí.

Glacfaidh na hiniúcháirí nua-earcáithe páirt i gclár imeascha na Cúirte agus is é a bheidh i gceist leis an gclár sin tréimhse ionduchtúcháin a mbeidh oiliúint iomchuí agus tumadh i bhfoirne iniúcháireachta ag gabháil léi.

Cuimsíonn an nós imeachta roghnúcháin sin feidhmghrúpa AD, grád AD 5 go grád AD 9 agus roinnt réimsí.

Cinnfear grád na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo ar bhonn a dtaithí ghairmiúil ábhartha.

Is é EUR 4 883,11 an buntuarastal míosúil do ghrád AD 5 (céim 1), agus is é EUR 8 002,30 an buntuarastal míosúil do ghrád AD 9 (céim 1).

Faoi na coinníollacha a leagtar síos sa CFSE, agus ag brath ar chúinsí an duine agus comhdhéanamh a theaghlaigh, féadfar liúntais áirithe a chur leis an mbuntuarastal agus beidh an tuarastal sin faoi réir cháin an Aontais Eorpaigh agus díolmhaithe ó cháin náisiúnta.

Is féidir breathnú ar na forálacha lena dtreoraítear ríomh na liúntas sin i gCoinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile ⁽¹⁾.

Tá a gcórais pinsean agus sláinte féin ag institiúidí an Aontais agus déantar ranníocaíochtaí a asbhaint ó thuarastail na foirne ag an bhfoinse.

Féadfar leanaí na foirne a chlárú ag an Scoil Eorpach saor in aisce.

A bhFUIL Á LORG AGAINN

I. Critéir incháilitheachta

1. Ceanglais dhlíthiúla

I gcomhréir le hAirteagal 12(2) de na Coinníollacha Fostaíochta, ní mór duit, faoi dháta an iarratais:

- a bheith i do náisiúnach de Bhallstát den Aontas;
- do chearta iomlána mar shaoránach a bheith á dteachtadh agat;
- aon oibleagáidí a chuirtear ort leis na dlíthe earcaíochta a bhaineann leis an tseirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat; agus
- na riachtanais charachtair a theastaíonn do na dualgais atá i gceist a shásamh.

2. Cáilíochtaí

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de na Coinníollacha Fostaíochta:

- i gcás grád AD 5 agus grád AD 6: leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad ar baineadh dioplóma amach dá bharr;

nó

- i gcás grád AD 7 go grád AD 9: leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad ar baineadh dioplóma amach dá bharr.

Maidir leis an dá réimse atá cumhdaithe sa ghlaio seo, measfar mar incháilithe na hiarrthóirí sin a bhfuil céim ollscoile acu (Céim Bhaitsiléara, Céim Mháistreachta nó PhD ⁽²⁾) i gceann de na réimsí a leanas:

- eolaíochtaí matamaiticiúla (e.g. matamaitic, staidreamh);
- fisic agus cruinneolaíochtaí eile;
- eolaíochtaí sóisialta cainníochtúla (e.g. eacnaiméadracht, socheolaíocht chainníochtúil);
- eolaíocht ríomhaireachta agus innealtóireacht (eolaíocht sonraí, anailís sonraí/líonra, mianadóireacht sonraí/téacs);
- staidéir ghnó chainníochtúla (e.g. iniúchadh digiteach, cuntasáíocht fhóiréinseach, uathobriú próiseas nó mianadóireacht próiseas);
- eolaíochtaí geospásúla.

⁽¹⁾ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20200101&from=EN>

⁽²⁾ Déanfar incháilitheacht céimeanna dochtúireachta a mheas trí thagairt a dhéanamh do phríomhábhar an taighde.

Tabhair do d'aire nach mbreithneofar ach dioplómaí a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag na húdaráis i gceann amháin de na Ballstáit sin.

3. *Taithí ghairmiúil (féach freisin an Iarscríbhinn)*

D'fhonn an grad a shocrú, roimh an sprioc-am d'arratais ní foláir d'iarrrthóirí:

- **dhá (2) bhliain, ar a laghad**, de thaithí ghairmiúil ábhartha a bheith acu **i gceachtar de na réimsí seo a leanas** (i) an mhatamaitic agus an staidreamh nó (ii) eolaíocht sonraí, iniúchóireacht dhigiteach, anailís ar shonraí agus ar líonraí, mianadóireacht sonraí agus téacs, uathoibriú próiseas agus mianadóireacht próiseas, **chun bheith earcaithe ar ghrád AD 5**; nó
- **ceithre (4) bliana, ar a laghad**, de thaithí ghairmiúil ábhartha a bheith acu **i gceachtar de na réimsí seo a leanas** (i) an mhatamaitic agus an staidreamh nó (ii) eolaíocht sonraí, iniúchóireacht dhigiteach, anailís ar shonraí agus ar líonraí, mianadóireacht sonraí agus téacs, uathoibriú próiseas agus mianadóireacht próiseas, **chun bheith earcaithe ar ghrád AD 6**; nó
- **seacht (7) mbliana, ar a laghad**, de thaithí ghairmiúil ábhartha a bheith acu **i gceachtar de na réimsí seo a leanas** (i) an mhatamaitic agus an staidreamh nó (ii) eolaíocht sonraí, iniúchóireacht dhigiteach, anailís ar shonraí agus ar líonraí, mianadóireacht sonraí agus téacs, uathoibriú próiseas agus mianadóireacht próiseas, **chun bheith earcaithe ar ghrád AD 7**; nó
- **deich (10) mbliana, ar a laghad**, de thaithí ghairmiúil ábhartha a bheith acu **i gceachtar de na réimsí seo a leanas** (i) an mhatamaitic agus an staidreamh nó (ii) eolaíocht sonraí, iniúchóireacht dhigiteach, anailís ar shonraí agus ar líonraí, mianadóireacht sonraí agus téacs, uathoibriú próiseas agus mianadóireacht próiseas, **chun bheith earcaithe ar ghrád AD 8**; nó
- **trí bliana déag (13)**, ar a laghad, de thaithí ghairmiúil ábhartha a bheith acu **i gceachtar de na réimsí seo a leanas** (i) an mhatamaitic agus an staidreamh nó (ii) eolaíocht sonraí, iniúchóireacht dhigiteach, anailís ar shonraí agus ar líonraí, mianadóireacht sonraí agus téacs, uathoibriú próiseas agus mianadóireacht próiseas, **chun bheith earcaithe ar ghrád AD 9**.

4. *Eolas ar theangacha*

Ós rud é gurb iad EN agus FR teangacha oifigiúla oibre na Cúirte, ní foláir eolas maith a bheith agat ar cheann amháin de na teangacha sin (íosleibhéal C1 i dtuiscint, i labhairt agus i scríobh na teanga).

Bheadh eolas ar theangacha eile ina bhuntáiste.

Is féidir leat do chuid scileanna teanga iasachta a mheasúnú ag:

<https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/table-2-cefr-3.3-common-reference-levels-self-assessment-grid>

II. **Critéir roghnúcháin**

Sa bhreis ar na cáilíochtaí, an taithí ghairmiúil agus an leibhéal teanga a shonraítear faoi phointe I. Critéir incháilitheachta, déanfar na hinniúlachtaí seo a leanas a mheas ag céim níos déanaí sa phróiseas roghnúcháin:

- Teastas gairmiúil ó eagraíocht(a) idirnáisiúnta ardleibhéil in aon cheann de na réimsí dá dtagraítear thuas (deimhniú CISA, mar shampla);
- Trí bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil i réimsí na hiniúchóireachta (iniúchóireacht airgeadais agus iniúchóireacht comhlíonta, iniúchóireacht feidhmíochta), ag cur i bhfeidhm an t-eolas a fuarthas in aon cheann de na réimsí dá dtagraítear thuas;
- Taithí ghairmiúil chruthaithe a bhaineann go soiléir le ceann de na réimsí thuasluaite;
- Dea-thaifead acadúil, is é sin PhD nó taighde acadúil oifigiúil in aon cheann de na réimsí dá dtagraítear thuas.

NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Déanfaidh Coiste Roghnúcháin, arna cheapadh ag an Údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích (AECCE) na hiarratais a scrúdú, ar bhonn na faisnéise a sholáthrófar amháin.

Tarraingeoidh an Coiste Roghnúcháin suas, in ord aibítre, painéal de na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta.

Féadfar cuireadh chun agallaimh a thabhairt do na hiarrthóirí atá ar an bpainéal. Roghnófar iad ar bhonn fhiúntas a bpróifíle agus cuirfear san áireamh riachtanais na seirbhíse agus na hinniúlachtaí dá dtagraítear faoi phointe II – Critéir roghnúcháin – den fhógra seo.

Is é cuspóir an agallaimh seo a chinneadh an gcomhlíonann an t-iarrthóir/na hiarrthóirí na riachtanais maidir le dualgais an phoist.

D'fhéadfaí freisin go n-iarrfaí orthu tuilleadh tástálacha sonracha a dhéanamh d'fhonn a scileanna agus a n-inniúlachtaí a mheas.

Tar éis na n-agallamh, tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin liosta beartaithe don AECCE den iarrthóir/de na hiarrthóirí a chomhlíonann na riachtanais maidir le dualgais an phoist.

Ar an mbonn sin, féadfaidh an AECCE post a thairiscint do cheann amháin nó níos mó de na hiarrthóirí a roghnófar.

Ní chinntítear aon teidlíocht earcaíochta trí áit a bheith bainte amach ag na hiarrthóirí ar an liosta a chuirfear chuig an AECCE.

IARRATAIS

Is é meán lae, an 15 Meán Fómhair 2020 (CET) an sprioc-am d'iarratais.

Ní mór an t-iarratas a dhréachtú i mBéarla nó i bhFraincis agus **gan a úsáid ach an fhoirm ar líne** atá ar fáil ag bun an Ghlaio (**EN nó FR**) ar an leathanach Deiseanna Fostaíochta ar shuíomh gréasáin na Cúirte (faoi "Open positions"):

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/JobOpportunities.aspx#page-search—index—lang—en_US

Ní foláir na doiciméid seo a leanas ag gabháil leis an iarratas:

— Litir inspreatha (**2 leathanach ar a mhéad**);

— curriculum vitae (**5 leathanach ar a mhéad**) atá cothrom le dáta agus i bhformáid "Europass" (féach: <http://europa.eu/europass>);

Ba cheart duit an **réimse atá roghnaithe agat** a lua go soiléir san iarratas: (i) an mhatamaitic agus an staidreamh nó (ii) eolaíocht sonraí, iniúchóireacht dhigiteach, anailís ar shonraí agus ar líonraí, miandóireacht sonraí agus téacs, uathoibriú próiseas agus mianadóireacht próiseas.

Tabhair do d'aire nach gcuirfear san áireamh ach an t-eolas atá curtha agat i do CV agus i do litir inspreatha nuair a bheidh d'iarratas á mheas.

Glacfar leis go bhfuil na mionsonraí atá curtha ar fáil san fhoirm iarratais fíor agus ceart agus, dá réir sin, beidh siad ceangailteach ar an iarrthóir.

Ní mór go mbeadh iarrthóirí in ann, arna iarraidh sin, fianaise i scríbhinn a sholáthar maidir lena gcáilíochtaí, taithí ghairmiúil agus dualgais reatha, má mheastar gá a bheith lena leithéid.

Ba cheart d'iarratasóirí a bhfuil spéis acu sa phost a n-iarratas ar líne a chomhlánú in am. Moltar go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na huairéanta deiridh chun a n-iarratas a chur isteach. Tarlaíonn sé in amanna go gcuirtear ró-ualach ar an gcóras sna laethanta roimh an sprioc-am d'iarratais. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair iarratas a chur isteach in am.

Diúltófar d'aon iarratas nach mbeidh ag cloí go docht leis na treoracha seo.

BEARTAS EARCAÍOCHTA

I gcomhréir le beartas comhdheiseanna na Cúirte agus le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, glacann an Chúirt leis an éagsúlacht agus cuireann sí comhdheiseanna chun cinn. Glacann an Chúirt le hiarratais gan aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras agus tá céimeanna tugtha aici chun a áirithiú go bhfuil cothromaíocht ann idir fir agus mná ó thaobh na hearcaíochta de, de bhun Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ina cheann sin, cuireann an Chúirt bearta chun feidhme d'fhonn réiteach a dhéanamh idir an saol oibre agus saol an teaghlaigh.

Má theastaíonn aon socrúithe speisialta uait (de bharr bac nó míchumas ar leith) chun gur féidir leat páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, seol ríomhphost tamall maith roimh ré chuig ECA-Recrutement@eca.europa.eu.

COSAINT SONRAÍ

Tá rún daingean ag an gCúirt a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE. ⁽¹⁾

Féach an ráiteas príobháideachais sonracha i dtaca le folúntais fostaíochta chun tuilleadh eolais a fháil:

https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/Specific_Privacy_Statement_vacancies/Specific_Privacy_Statement_vacancies_EN.PDF

Má dhéantar foráil maidir le fógra folúntais nó maidir le glao ar léiriú spéise go mbunófar painéal iniúchóirí, foilseofar an painéal ar a mbeidh ainmneacha na n-iarrthóirí ar éirigh leo ar shuíomh gréasáin CIE (Inlfion/Idirlíon). Fanfaidh an painéal ar ár suíomh gréasáin go dtí nach mbeidh sé bailí a thuilleadh. Tabhair do d'aire go bhfuil sé de cheart agat a iarraidh go bhfágfar d'ainm ar lár ón bpainéal a fhoilseofar. Is féidir é sin a dhéanamh ach ríomhphost a sheoladh chuig ECA-recrutement@eca.europa.eu.

IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC — GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Má mheasann tú, tráth ar bith le linn an nós imeachta roghnúcháin, go bhfuil tú thíos le cinneadh éigin a rinneadh, tá na roghanna seo a leanas agat:

I. Iarratas go ndéanfaí athmhachnamh ar chinneadh an Choiste Roghnúcháin

Féadfaidh tú iarraidh réasúnaithe i scríbhinn a chur chuig an gCoiste maidir le hathmhachnamh a dhéanamh ar a chinneadh. Ní foláir an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas laistigh de 10 lá tar éis an fógra faoin gcinneadh a fháil: ECA-Recours@eca.europa.eu.

II. Gearáin

De bhun Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú gearán i gcoinne chinneadh na Cúirte diúltú do d'iarratas a chur chuig an seoladh seo a leanas, ach sin a dhéanamh laistigh de thrí mhí tar éis duit fógra a fháil ina leith.

An tArdrúnaí
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi,
L-1615 Lucsamburg
LUXEMBOURG

III. Achomharc breithiúnach

De bhun Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú, i gcás ina ndiúltófar do do ghearán agus i gcás ina mbeidh tú thíos leis an gcinneadh sin, féadfaidh tú achomharc a dhéanamh ansin le Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa. Ní foláir do dhliodóir achomhairc den sórt sin a dhéanamh laistigh de thrí mhí tar éis fógra a fháil faoin gcinneadh diúltú don ghearán.

⁽¹⁾ IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

IV. Gearáin chuig an Ombudsman Eorpach

Má mheasann tú gur bhain drochriarachán leis an gcaoi a ndearna Cúirt Iniúchóirí na hEorpa d'iarratas a láimhseáil, féadfaidh tú gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh, tar éis duit teagmháil a dhéanamh leis an gCúirt i dtosach báire d'fhonn an díospóid a réiteach. Ní foláir do ghearán i scríbhinn a chur isteach laistigh de dhá bhliain tar éis duit eolas a fháil ar na fíorais ábhartha. Tá foirm ghearán leictreonach le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh. I gcás ina ndéanfar gearán leis an Ombudsman Eorpach, ní chuirfidh sin na spriocdhátaí achomhairc thuasluaite ar fionraí.

IARSCRÍBHINN

TAITHÍ GHAIRMIÚIL

An **taithí ghairmiúil** atá ag teastáil don nós imeachta roghnúcháin thuas, d'fhéadfadh sé gur gnóthaíodh an taithí sin, mar shampla, i gcuideachtaí príobháideacha, in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus/nó i gcomhlachtaí idirnáisiúnta, in institiúidí agus nó gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, i riaracháin náisiúnta agus/nó réigiúnacha, sa saol acadúil, in institiúidí taighde, san earnáil tionsclaíochta, in eagraíochtaí neamhrialtais nó i ngníomhaíocht mar dhuine féinfhostaithe, agus ní chuirfear an taithí sin san áireamh ach amháin:

- más fíorobair éifeachtach a bhí ann,
 - más obair í a raibh luach saothair ag dul léi,
 - más obair í a bhfuil gaol fo-ordaithe nó soláthar seirbhíse i gceist léi, agus
 - má tá sí faoi réir na coinníollacha seo a leanas:
 - tréimhsí oiliúna: más tréimhsí oiliúna iad a raibh luach saothair ag dul leo,
 - seirbhís mhíleata éigeantach: atá curtha i gcrích roimh an diplóma riachtanach nó ina dhiaidh, ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse atá leagtha síos i ndlí do Bhallstáit,
 - saoire mháithreachais/atharthachta/uchtála: má chumhdaítear í le Conradh fostaíochta,
 - dochtúireacht: trí bliana ar a mhéad, ar choinníoll gur baineadh amach an dochtúireacht, agus gur obair í a raibh luach saothair ag dul léi, agus
 - obair pháirtaimseartha: arna ríomh ar bhonn *pro-rata* de réir na n-uaireanta a oibríodh, e.g. is ionann sé mhí d'obair leath-ama agus trí mhí.
-